Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12624/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0361(COD)**

**CODEC 1334**
**COMPET 723**
**MI 676**
**JAI 1204**
**TELECOM 374**
**CT 167**
**PI 119**
**AUDIO 90**
**CONSOM 228**
**JUSTCIV 115**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 16 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 10 Feabhra 2021[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2021[3].

4. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 30 Meitheamh 2021[4].

---

1 14124/20 REV 1 + ADD 1-3.
2 IO C 149, 27.4.2021, lgh. 3-7.
3 IO C 286, 16.7.2021, lgh. 70-75.
4 IO C 440, 29.10.2021, lgh. 67-98.

5. An 5 Iúil 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa ceartúchán ar an seasamh sin a fhormheas le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 12 go dtí an 15 Meán Fómhair 2022, is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

6. In Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, leagtar amach an ráiteas ón gCoimisiún le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle. In Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo, leagtar amach an ráiteas ón Danmhairg le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá bhrí sin an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 30/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas ón gCoimisiún, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

5 10967/22.